



Comhairle an  
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 14 Eanáir 2021  
(OR. en)

5278/21

---

---

**Comhad Idirinstiúideach:  
2021/0002(NLE)**

---

---

UD 6  
CID 1  
PREP-BXT 2  
TRANS 16  
UK 12

## TOGRA

ó:	Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir
dáta a fuarthas:	13 Eanáir 2021
chuig:	Jeppe TRANHOLM-MIKKELSEN, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh
Uimh. an doic. ón gCoim.:	COM(2021) 6 final
Ábhar:	Togra le haghaidh CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE faoin seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh sa Chomhchoiste AE- CTC a bunaíodh faoi Choinbhinsiún an 20 Bealtaine 1987 i ndáil le nós imeachta coiteann idirthurais maidir le leasuithe ar an gCoinbhinsiún sin

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2021) 6 final.

---

Faoi iamh: COM(2021) 6 final



AN COIMISIÚN  
EORPACH

An Bhruiséil, 13.1.2021  
COM(2021) 6 final

2021/0002 (NLE)

Togra le haghaidh

### **CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE**

**faoin seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh sa Chomhchoiste AE-  
CTC a bunaíodh faoi Choinbhinsiún an 20 Bealtaine 1987 i ndáil le nós imeachta  
coiteann idirthurais maidir le leasuithe ar an gCoinbhinsiún sin**

## MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

### **1. ÁBHAR AN TOGRA**

Is éard a mbaineann an togra seo leis an cinneadh lena mbunaítear an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais sa Chomhchoiste AE-CTC<sup>1</sup> maidir le hidirthurais choiteann ('an Comhchoiste') i dtaca le glacadh atá á bheartú ar chinneadh lena leasaítear Foscríbhinní Choinbhinsiún 20 Bealtaine 1987 maidir le nós imeachta<sup>2</sup> coiteann idirthurais ('an Coinbhinsiún').

### **2. COMHTHÉACS AN TOGRA**

#### **2.1. An Coinbhinsiún**

Is éard is aidhm don Choinbhinsiún gluaiseacht earraí a éascú idir an tAontas Eorpach agus tíortha is Páirtithe Conarthacha sa Choinbhinsiún. Cuireann sé síneadh le nós imeachta<sup>3</sup> idirthurais custaim an Aontais ionas go gcuimsítear ann na Páirtithe Conarthacha atá sa Choinbhinsiún cé is moite den Aontas, agus leagann sé amach na hoibleagáidí atá ar lucht trádála agus ar na húdaráis custam i leith earraí a iompraítear faoin nós imeachta seo ó Pháirtí Conarthach amháin go Páirtí Conarthach eile. Is an 1 Eanáir 1988 a tháinig sé i bhfeidhm.

Is Páirtí Conarthach sa Choinbhinsiún atá san Aontas Eorpach. Seo iad na Páirtithe Conarthacha eile: Poblacht na hÍoslainne, Poblacht na Macadóine Thuaidh, Ríocht na hIorua, Poblacht na Seirbia, Cónaidhm na hEilvéise, agus Poblacht na Tuirce. Tá tagairt do na tíortha sin sa Coinbhinsiún, agus is tíortha comhchoiteann idirthurais a thugtar orthu ann.

#### **2.2. An Comhchoiste**

Is é an tasc atá ag an gComhchoiste an Coinbhinsiún a riar agus dea-chur chun feidhme an Choinbhinsiúin a áirithiú. Glacann an Coiste leasuithe a dhéantar ar fhoscríbhinní an Choinbhinsiúin, agus is trí bhíthin cinntí a dhéanann sé sin.

Na cinntí a dhéanann an Comhchoiste, déantar a nglacadh de chomhaontú<sup>4</sup> frithpháirteach, faoi mar a ordaítear in Airteagal 14(2) den Choinbhinsiún.

#### **2.3. Gníomh beartaithe an Chomhchoiste**

I dtús 2021, tá an Comhchoiste le cinneadh a ghlacadh de nós imeachta i scríbhinn, cinneadh i ndáil le leasú ar Foscríbhinní I agus III den Choinbhinsiún ('an gníomh atá beartaithe').

Is é críoch atá i gceist leis an ngníomh atá á bheartú an Coinbhinsiún a ailíniú le forálacha i gCód Custaim an Aontais<sup>5</sup> agus na Gníomhartha Tarmligthe agus Gníomhartha cur chun Feidhme a ghabhann leis maidir le nós imeachta na n-idirthuras mar aon leis an stádas custaim atá ag earraí an Aontais, sin agus na hathruithe riachtanacha a chur ar fhoscríbhinní an Choinbhinsiúin i ndiaidh don Ríocht Aontaithe tarraingt siar ón Aontas<sup>6</sup>, mar aon le haontachas na Ríochta Aontaithe sa Choinbhinsiún. Seo a leanas na saintréithe sin:

<sup>1</sup> Na tíortha comhchoiteann idirthurais

<sup>2</sup> IO L 226, 13.8.1987, lch. 2

<sup>3</sup> Airteagail 226 agus 227 de Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Deireadh Fómhair 2013 lena leagtar síos Cód Custaim an Aontais (IO L 269, 10.10.2013, lch. 1)

<sup>4</sup> Gan agóid a dhéanamh do cheachtar de na Páirtithe Conarthacha.

<sup>5</sup> Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Deireadh Fómhair 2013 lena leagtar síos Cód Custaim an Aontais (IO L 269, 10.10.2013, lch. 1)

<sup>6</sup> IO L 29, 31.1.2020, lch. 7

Airteagal 311 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/2447<sup>7</sup> ('an Gníomh Cur Chun Feidhme'), is ann a leagtar amach an iarraidh ar aisghabháil na bhfiach custaim a aistriú, agus is airteagal é a leasaíodh i mí Mheán Fómhair 2019<sup>8</sup>. Is sa leasú sin a socraíodh na rialacha i leith na hiarrata ar aistriú na haisghabhála sa chás go bhfaigheann an t-údarás custaim i dtír atá páirteach in oibríocht idirthurais fianaise gur ar a críocha féin a tharla na himeachtaí ba chúis leis na fiacha. Sna cásanna sin, ba cheart don údarás sin iarraidh ar an tír imeachta an fhreagracht i leith thosú na haisghabhála a aistriú chuici féin. Is éard ba cheart don tír imeachta a dheimhniú laistigh de thréimhse áirithe an bhfuil inniúlacht thosú na haisghabhála á haistriú aici chuig an údarás custaim iarratasóra nó nach bhfuil. Dá bhrí sin, Airteagal 50 d'Fhoscríbhinn I a ghabhann leis an gCoinbhinsiún, airteagal is macasamhail d'Airteagal 311 den Gníomh Cur Chun Feidhme, is airteagal sin ba cheart a leasú dá réir sin.

Leasaíodh Iarscríbhinn 72-04 den Gníomh Cur chun Feidhme ina bhfuil cur síos ar an nós imeachta leanúnachais ghnó, agus is infheidhme dó ón 30 Meitheamh 2020<sup>9</sup>. Ionas gur mó solúbthacht a bheidh i nós imeachta an leanúnachais ghnó idirthurais, agus ar mhaithe leis na foirmiúlachta a bhíonn ar na húdaráis custam a laghdú, sin agus na costais a thabhaíonn siad, cuireadh síneadh le bailíocht na ndeimhnithe is cuimsitheach ar páipéar mar aon leis na deimhnithe ráthaíochta tarscaoilte. Ba cheart Airteagal 79 d'Fhoscríbhinn I den Choinbhinsiún a leasú dá réir sin, mar aon le Pointe 19.3., Caibidil III, Foscríbhinn II d'Iarscríbhinn I den Choinbhinsiún, áit a bhfuil athrá ar a bhfuil i bhFoscríbhinn 72-04, pointe 19.3, Caibidil III den Gníomh Cur Chun Feidhme.

Nuair nach mbeidh feidhm feasta le Cód Custaim an Aontais ar an Ríocht Aontaithe ná laistigh den Ríocht Aontaithe, Tuaisceart Éireann as an áireamh, is ina Pháirtí<sup>10</sup> Conarthach ar leith a dhéanfar an Ríocht Aontaithe a aontú leis an gCoinbhinsiún, agus beidh feidhm leis an bPrótacal maidir le hÉirinn/Tuaisceart Éireann, prótacal atá i gceangal leis an gComhaontú maidir le Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann a bheith ag tarraingt siar as an Aontas Eorpach agus as an gComhphobal<sup>11</sup> Eorpach don Fhuinneamh Adamhach. Tá tagairtí sa Choinbhinsiún do Bhallstáit AE, do thíortha comhchoiteann idirthurais, agus do chód gach tíre faoi seach. Dá bhrí sin, is den riachtanas na hathruithe cuí a chur ar Foscríbhinn III den Choinbhinsiún le hidirdhealú a dhéanamh idir an Ríocht Aontaithe agus Tuaisceart Éireann, agus le cur i dtásc go bhfuil feidhm ag Cód Custaim an Aontais i dTuaisceart Éireann, go mór mór i ndáil leis na forálacha gealltanais.

Seasamh an Aontais ar Dhréachtchinneadh an Chomhchoiste maidir leis na leasuithe breise ar an gCoinbhinsiún, is seasamh é atá bunaithe ar rialacha AE a bhí comhaontaithe cheana ag an gComhairle (go mór mór forálacha Chód Custaim an Aontais agus na gníomhartha cur chun

<sup>7</sup> Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/2447 ón gCoimisiún an 24 Samhain 2015 lena leagtar síos rialacha mionsonraithe chun forálacha áirithe de Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leagtar síos Cód Custaim an Aontais a chur chun feidhme. (IO L 343, 29.12.2015, lch. 558)

<sup>8</sup> Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1394 ón gCoimisiún an 10 Meán Fómhair 2019 lena leasaítear agus lena gceartaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/2447 i dtaca le rialacha áirithe i leith faireachas agus saoradh ón tsaorghluaiseacht agus ón dul amach as limistéar custaim an Aontais (IO L 234, 11.9.2019, lch. 1)

<sup>9</sup> Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/893 ón gCoimisiún an 29 Meitheamh 2020 lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/2447 lena leagtar síos rialacha mionsonraithe chun forálacha áirithe de Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leagtar síos Cód Custaim an Aontais a chur chun feidhme. (IO L 206, 30.06.2020, lch. 8)

<sup>10</sup> Cinneadh Uimh. 1/2018 den Chomhchoiste AE-CTC an 4 Nollaig 2018 maidir le cuireadh don Ríocht Aontaithe a theacht chun aontachais sa Choinbhinsiún ar nós imeachta comhchoiteann idirthurais [2018/1987] (IO L 317, 14.12.2018, lch. 47)

<sup>11</sup> IO L 29, 31.1.2020, lch. 102

feidhme). An t-inneachar a ghabhann le cur i bhfeidhm an Phrótacail maidir le hÉirinn/Tuaisceart Éireann, is inneachar é atá i gcomhréir leis an bPrótacal sin.

An gníomh atá á bheartú, déanfar gníomh ceangailteach de, gníomh a cheanglófar ar an dá pháirtí i gcomhréir le hAirteagal 2 den Chinneadh sin, cinneadh lena bhforáiltear a theacht i bhfeidhm lá a ghlactha.

Na forálacha a bhaineann le bailíocht na ndeimhnithe ráthaíochta is cuimsitheach ar páipéar agus na ndeimhnithe díolúine, ba cheart dóibh a bheith i bhfeidhm go cúlghabhálach ón 30 Meitheamh 2020. Ba cheart comhionannas na gcoinníoll a dheonú do na ráthóirí faoi dlí an Aontais agus faoin gCoinbhinsiún. Tréimhse bhailíochta shínte na ndeimhnithe, is tréimhse í atá i bhfeidhm cheana ón 30 Meitheamh 2020 i reachtaíocht chustaim an Aontais.

Na forálacha a ghabhann le cur chun feidhme an Phrótacail maidir le hÉirinn/Tuaisceart Éireann, is forálacha iad a thiofadh i bhfeidhm ón uair a bheidh deireadh le feidhm Chód Custaim an Aontais ar an Ríocht Aontaithe agus laistigh den Ríocht Aontaithe, Tuaisceart Éireann as an áireamh, áit a mbeidh Cód Custaim an Aontais i bhfeidhm fós tar éis an dáta sin, agus tar éis don Ríocht Aontaithe teacht chun aontachais sa Choinbhinsiún ina Pháirtí Conarthach ar leithligh.

I gcomhréir le hAirteagal 15(3) den Choinbhinsiún, is leis na Páirtithe Conarthacha cinntí lena leasaítear an Coinbhinsiún a chur i bhfeidhm, rud a dhéanfaidh siad i gcomhréir lena gcuid reachtaíochta féin.

### **3. AN SEASAMH A GHLACFAR THAR CEANN AN AONTAIS**

Is é seasamh a moltar a ghlacadh thar ceann an Aontais Iarscríbhinní I agus III den Choinbhinsiún a leasú ar mhaithe lena dtabhairt i gcomhréir leis an méid a leanas:

- Dlí custaim an Aontais, an dlí lena rialaítear socruithe idirthurais an Aontais, agus go mór mór Airteagal 311 arna leasú den Ghníomh Cur Chun Feidhme, airteagal lena leagtar síos an t-iarratas chun aisghabháil na bhfiach custaim a aistriú, mar aon le Iarscríbhinn 72-04 den Ghníomh Cur Chun Feidhme, maidir le bailíocht na ndeimhnithe ráthaíochta is cuimsitheach ar páipéar agus na ndeimhnithe tarscaoilte ráthaíochta a úsáidtear i nós imeachta an leanúnachais gnó;
- cur i bhfeidhm an Phrótacail maidir le hÉirinn/Tuaisceart Éireann agus, go mór mór, le hidirdhealú a chur i gcás idir an Ríocht Aontaithe agus Tuaisceart Éireann, i gcás inarb infheidhme.

An seasamh atá á mholadh, is seasamh é atá comhsheasmhach leis an gcomhbheartas tráchtála.

Ach ailíniú iomlán an Choinbhinsiúin a áirithiú le reachtaíocht reatha an Aontais, agus dá bharr sin dálaí aonfhoirmeacha a chruthú, dálaí le cur chun feidhme comhsheasmhach a dhéanamh ar na forálacha a bhaineann le nós imeachta idirthurais an Aontais agus le nós imeachta an chomhbheartais earraí atá faoi bhealach, is é toradh a bheadh ar na leasuithe atá á moladh tairbhe is suntasach agus tairbhe is follas don trádálaí agus do lucht riaracháin custaim araon.

## **4. BUNÚS DLÍ**

### **4.1. Bunús dlí nós imeachta**

#### *4.1.1. Na prionsabail*

In Airteagal 218(9) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE) déantar foráil maidir le cinntí lena leagtar síos ‘*na seasaimh a ghlacfar thar ceann an Aontais i gcomhlacht arna chur ar bun le comhaontú nuair a iarrtar ar an gcomhlacht sin gníomhartha a ghlacadh a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla leo, cé is moite de ghníomhartha lena bhforlíonfar nó lena leasófar creat institiúideach an chomhaontaithe.*’

Ordaíonn Airteagal 15(3) den Choinbhinsiún don Chomhchoiste AE-CTC leasuithe ar Fhoscríbhinní an Choinbhinsiúin a leasú de bhíthin cinntí.

#### *4.1.2. Cur i bhfeidhm maidir leis an gcás seo*

Is éard atá sa Chomhchoiste comhlacht arna bhunú faoi chomhaontú eadhon an Coinbhinsiún um nós imeachta coiteann idirthurais.

Is éard atá sa chinneadh a iarrtar ar an gComhchoiste a ghlacadh gníomh a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla aige. An gníomh atá beartaithe, beidh sé ceangailteach faoin dlí idirnáisiúnta i gcomhréir le hAirteagal 15(3) agus 20 den Chomhaontú.

Leis an ngníomh atá beartaithe ní fhorlíontar ná ní leasaítear creat institiúideach an Choinbhinsiúin.

Dá bhrí sin, is é Airteagal 218(9) CFAE an bunús dlí nós imeachta maidir leis an gcinneadh atá á bheartú.

### **4.2. Bunús substaintiúil dlí**

#### *4.2.1. Na prionsabail*

An bunús substaintiúil dlí atá le cinneadh faoi Airteagal 218(9) CFAE, braitheann sé go príomha ar chuspóir agus ábhar an ghnímh atá beartaithe agus a bhfuiltear ag glacadh seasamh thar ceann an Aontais ina leith. Má tá dhá aidhm leis an ngníomh atá beartaithe nó má tá dhá chuid de ann agus más féidir ceann de na haidhmeanna nó de na codanna sin a shainnithint mar príomhaidhm nó príomhchuid agus an ceann eile mar aidhm teagmhasach nó cuid theagmhasach, ní mór an cinneadh faoi Airteagal 218(9) CFAE a bhunú ar bhunús substaintiúil dlí aonair, is é sin an bunús dlí a éilítear faoin bpríomhaidhm nó faoin bpríomhchuid.

#### *4.2.2. Cur i bhfeidhm maidir leis an gcás seo*

Príomhchuspóir agus inneachar an ghnímh atá á bheartú, is leis an gchuspóir seo a leanas a bhaineann siad: nós imeachta éifeachtach le hearraí a chur thar teorainn. Baineann príomhchuspóir agus príomhábhar an ghnímh atá beartaithe leis an gcomhbheartas tráchtála.

Dá bhrí sin, is é Airteagal 207 CFAE bunús dlí substainteach an chinnidh atá á mholadh.

### **4.3. Conclúid**

Ba cheart Airteagal 207 CFAE a bheith ina bhunús dlí don chinneadh atá beartaithe, i gcomhar le hAirteagal 218(9) CFAE.

## **5. FOILSIÚ AN GHNÍMH ATÁ BEARTAITHE**

Ós rud é go leasófar an Coinbhinsiún gona Fhoscríbhinní le gníomh ón gComhchoiste, is iomchuí é a fhoilsiú in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* tar éis a ghlactha.

Togra le haghaidh

## CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE

**faoin seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh sa Chomhchoiste AE-CTC a bunaíodh faoi Choinbhinsiún an 20 Bealtaine 1987 i ndáil le nós imeachta coiteann idirthurais maidir le leasuithe ar an gCoinbhinsiún sin**

### TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 207, i gcomhar le hAirteagal 218(9) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach, De bharr an mhéid seo a leanas,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) An Coinbhinsiún ar nós imeachta<sup>12</sup> coiteann idirthuras ('an Coinbhinsiún'), is amhlaidh a tugadh i gcrích é idir Comhphobal Eacnamaíochta na hEorpa, Poblacht na hOstaire, Poblacht na Fionlainne, Poblacht na hÍoslainne, Ríocht na hIorua, Ríocht na Sualainne agus Cónaidhm na hEilvéise an 20 Bealtaine 1987, agus is ar an 1 Eanáir 1988 a tháinig sé i bhfeidhm.
- (2) De bhun Airteagal 15(3)(a) den Choinbhinsiún, is féidir leis an gComhchoiste a socraíodh faoin gCoinbhinsiún sin leasuithe ar Fhoscríbhinní a ghlacadh, agus is trí bhíthin cinntí a dhéanann sé sin.
- (3) I dtús 2021, tá an Comhchoiste, le cinneadh a ghlacadh faoi leasú ar Fhoscríbhinní I agus III den Choinbhinsiún.
- (4) Is iomchuí an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais sa Chomhchoiste a leagan síos ós rud é go mbeidh an cinneadh lena leasófar Foscríbhinní I agus III den Choinbhinsiún ceangailteach ar an Aontas.
- (5) Tá leasú déanta ar Airteagal 311 de Rialachán Cur Chun Feidhme an Choimisiúin (AE) 2015/2447<sup>13</sup> (an Gníomh Cur Chun Feidhme), airteagal ina leagtar síos an iarraidh le haisghabháil na bhfiach custaim a aistriú<sup>14</sup>. De réir na míreanna nua (3) agus (4), sa chás fianaise a bheith faighte ag údarás custaim tíre atá ag plé le hoibríocht idirthurais, fianaise gur ar a críocha féin a tharla na himeachtaí ba chúis leis na fiacha, ba cheart don údarás sin a iarraidh ar an tír imeachta freagracht thosú na haisghabhála a aistriú chuici féin. Is éard ba cheart don tír imeachta a dheimhniú laistigh de thréimhse áirithe an bhfuil inniúlacht thosú na haisghabhála á haistriú aici chuig an

<sup>12</sup> IO L 226, 13.8.1987, lch. 2.

<sup>13</sup> Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/2447 ón gCoimisiún an 24 Samhain 2015 lena leagtar síos rialacha mionsonraithe chun forálacha áirithe de Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leagtar síos Cód Custaim an Aontais a chur chun feidhme. (IO L 343, 29.12.2015, lch. 558)

<sup>14</sup> Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1394 ón gCoimisiún an 10 Meán Fómhair 2019 lena leasaítear agus lena gceartaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/2447 i dtaca le rialacha áirithe i leith faireachas agus saoradh ón tsaorghluaiseacht agus ón dul amach as limistéar custaim an Aontais (IO L 234, 11.9.2019, lch. 1)

údarás custaim iarratasóra nó nach bhfuil. Dá bhrí sin, Airteagal 50 d’Fhoscríbhinn I a ghabhann leis an gCoinbhinsiún, airteagal is macasamhail d’Airteagal 311 den Ghníomh Cur Chun Feidhme, is airteagal sin ba cheart a leasú dá réir sin.

- (6) Leasaíodh Iarscríbhinn 72-04 den Ghníomh Cur chun Feidhme ina bhfuil cur síos ar an nós imeachta leanúnachais ghnó i gcomhair idirthurais san Aontas<sup>15</sup>. Ionas gur mó solúbthacht a bheidh i nós imeachta an leanúnachais ghnó idirthurais, agus ar mhaithe leis na foirmiúlachta a bhíonn ar na húdaráis custam a laghdú, sin agus na costais a thabhaíonn siad, cuireadh síneadh le bailíocht na ndeimhnithe is cuimsitheach ar páipéar mar aon leis na deimhnithe ráthaíochta tarscaoilte. Dá bhí sin, ba cheart Airteagal 79 d’Fhoscríbhinn I den Choinbhinsiún a leasú dá réir sin, mar aon le Pointe 19.3., Caibidil III, Foscríbhinn II d’Iarscríbhinn I den Choinbhinsiún, áit a bhfuil athrú ar a bhfuil i bhFoscríbhinn 72-04, pointe 19.3, Caibidil III den Ghníomh Cur Chun Feidhme.
- (7) Nuair nach mbeidh feidhm feasta le Cód Custaim an Aontais ar an Ríocht Aontaithe ná laistigh den Ríocht Aontaithe, Tuaisceart Éireann as an áireamh, is ina Pháirtí<sup>16</sup> Conarthach ar leith a dhéanfar an Ríocht Aontaithe a aontú leis an gCoinbhinsiún, agus beidh feidhm le Prótacal na hÉireann/Thuaisceart Éireann, prótacal atá i gceangal leis an gComhaontú maidir le Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann a bheith ag tarraingt siar as an Aontas Eorpach agus as an gComhphobal<sup>17</sup> Eorpach don Fhuinneamh Adamhach. Tá tagairtí sa Choinbhinsiún do Bhallstáit AE, do thíortha comhchoiteann idirthurais, agus do chód gach tíre faoi seach. Dá bhrí sin, is den riachtanas na hathruithe cuí a chur ar Foscríbhinn III den Choinbhinsiún lena chur i dtásca gur tír chomhchoiteann idirthurais í an Ríocht Aontaithe, agus go bhfuil feidhm ag Cód Custaim an Aontais i dTuaisceart Éireann, go mór mór i leith bhforálacha ráthaíochta,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

### *Airteagal 1*

An seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais, bíodh sin ag an 33ú cruinniú a bheidh ag an gComhchoiste, nó ag cruinniú eile dá chuid lá is faide anonn, sin nó trí bhíthin nós imeachta scríofa i dtaca le leasuithe ar Foscríbhinní an Choinbhinsiúin, is seasamh é a bheidh bunaithe ar an dréachtchinneadh den Chomhchoiste atá i gceangal leis an gCinneadh seo.

Féadfaidh ionadaithe an Aontais laistigh den Chomhchoiste mionathruithe ar an dréachtchinneadh ón gComhchoiste a aontú, gan Cinneadh eile ón gComhairle.

<sup>15</sup> Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/893 ón gCoimisiún an 29 Meitheamh 2020 lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/2447 lena leagtar síos rialacha mionsonraithe chun forálacha áirithe de Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leagtar síos Cód Custaim an Aontais a chur chun feidhme. (IO L 206, 30.06.2020, lch. 8)

<sup>16</sup> Cinneadh Uimh. 1/2018 den Chomhchoiste AE-CTC an 4 Nollaig 2018 maidir le cuireadh don Ríocht Aontaithe a theacht chun aontachais sa Choinbhinsiún ar nós imeachta comhchoiteann idirthurais [2018/1987] (IO L 317, 14.12.2018, lch. 47)

<sup>17</sup> IO L 29, 31.1.2020, lch. 102

*Airteagal 2*

Dírítear an Cinneadh seo chuig an gCoimisiún.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann na Comhairle  
An tUachtarán*